**AN CHOMHAIRLE EORPACH**

**An Bhruiséil, 25 Márta 2011**
**(OR. en)**

**EUCO 10/11**

**CO EUR 6**
**CONCL 3**

**NÓTA CUMHDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Ábhar: | **AN CHOMHAIRLE EORPACH 24/25 MÁRTA 2011** <br> **CONCLÚIDÍ** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo conclúidí na Comhairle Eorpaí (24/25 Márta 2011).

*Déanaimid comhbhrón le muintir na Seapáine agus le rialtas na tíre sin faoin mórshléacht ar dhaoine a tharla ansin le déanaí agus seasaimid leo. Tá saoránaigh an AE ag cuimhneamh orthusan go léir a chaill daoine muinteartha agus ar na céadta míle daoine a chaithfidh a gcuid saol agus a gcuid pobal a thógáil an athuair. Tá moladh ag dul d'údaráis na Seapáine as an ngníomhaíocht mhear, chinntitheach atá déanta acu. Ag cuimhneamh dúinn ar an gcairdeas buanseasmhach agus ar an dlúthchaidreamh polaitiúil agus eacnamaíoch atá idir an AE agus an tSeapáin, tá sé de rún daingean againn seasamh leis an tSeapáin agus í ag iarraidh na dúshláin atá amach roimpi a shárú.*

°

° °

*Tá géarchéim airgeadais tromchúiseach san Eoraip le cúpla mí anuas. Cé go bhfuilimid ag druidim le téarnamh eacnamaíoch san Eoraip anois, tá rioscaí ann i gcónaí agus ní mór dúinn leanúint de ghníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh. Tá pacáiste cuimsitheach bearta glactha againn inniu lena gcuirfear ar ár gcumas teacht as an ngéarchéim airgeadais agus dul ar aghaidh i dtreo fáis inbhuanaithe. Neartófar leis an bpacáiste seo rialachas eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh agus áiritheofar leis buanchobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine. Chomhaontaíomar chomh maith gníomhaíocht láidir a dhéanamh ar leibhéal an AE chun an fás a spreagadh tríd an Margadh Aonair a neartú, trí ualach iomlán na rialála a laghdú agus tríd an trádáil le tríú tíortha a chur chun cinn. Rinneamar plé ar an ngéarchéim sa Libia agus chuireamar in iúl go rabhamar sásta tar éis ghlacadh rún 1973 agus dhearbhaíomar go raibh rún daingean againn cuidiú lena chur chun feidhme. Maidir le Comharsanacht an Deiscirt, athdhearbhaímid go bhfuilimid diongbháilte comhpháirtíocht nua a fhorbairt leis an réigiún agus iarraimid go ndéanfar na treoshuímh a leagadh síos an 11 Marta a chur chun feidhme go pras; chomhaontaíomar na chéad chéimeanna coincréideacha chun tacú le tíortha Chomharsanacht an Deiscirt sa ghearrthéarma. Ar deireadh, phléamar na ceachta atá le foghlaim as na himeachtaí a tharla sa tSeapáin, go háirithe maidir le sábháilteacht núicléach.*

°

° °

## I. AN BEARTAS EACNAMAÍOCH

1. Ghlac an Chomhairle Eorpach pacáiste cuimsitheach inniu arb é atá ann bearta chun freagairt don ghéarchéim, chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú agus chun an bóthar a réiteach d'fhás a bheadh cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach go sóisialta agus lena gcruthófar poist. Neartófar leis an bpacáiste sin rialachas eacnamaíoch agus iomaíochas an limistéir euro agus an Aontais Eorpaigh araon.

***An Seimeastar Eorpach a chur chun feidhme: An Eoraip 2020, comhdhlúthú fioscach agus athchóiriú struchtúrach***

2. Laistigh de chreat nua an tSeimeastair Eorpaigh, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach na tosaíochtaí atá ann maidir le comhdhlúthú fioscach agus le hathchóiriú struchtúrach[1]. Béimníodh gur gá, mar thosaíocht, buiséid fhónta agus an inbhuanaitheacht fhioscach a chur ar bun arís, dífhostaíocht a laghdú trí athchóirithe a dhéanamh ar mhargadh an tsaothair, agus iarrachtaí nua a dhéanamh chun cur leis an bhfás. Déanfaidh na Ballstáit go léir na tosaíochtaí sin a thrasuí i mbearta coincréideacha a chuimseofar ina gCláir um Chobhsaíocht nó um Chóineasú agus ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú. Ar an mbonn sin, tíolacfaidh an Coimisiún a chuid tograí chun tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha áirithe a chur ar fáil in am trátha lena nglacadh ag cruinniú na Comhairle Eorpaí i mí an Mheithimh.

3. Déanfaidh na Ballstáit, go háirithe, plean ilbhliantúil comhdhlúthúcháin a thíolacadh lena n-áireofar spriocanna sonracha maidir le heasnamh, le hioncam agus le caiteachas, an straitéis a bheartófar chun na spriocanna sin a bhaint amach agus an amlíne leis an méid sin a chur chun feidhme. Ba cheart, le beartais fhioscacha don bhliain 2012, iarracht a dhéanamh muinín a spreagadh arís trí threochtaí fiachais a thabhairt ar ais ar chosán na hinbhuanaitheachta agus trína áirithiú go dtabharfar easnaimh ar ais faoi bhun 3 % den OTI laistigh den tréimhse atá aontaithe ag an gComhairle. Chun é sin a dhéanamh, beidh gá, i bhformhór na gcásanna, le coigeartú struchtúrach bliantúil a bheadh go maith os cionn 0.5 % den OTI. Ba cheart tús áite a thabhairt don chomhdhlúthú sna Ballstáit sin a bhfuil easnaimh struchtúracha an-mhóra acu nó a bhfuil leibhéil arda fiachais phoiblí acu nó a bhfuil a gcuid fiachais poiblí ag dul i méid go gasta.

---

[1] I gcomhréir le conclúidí na Comhairle an 15 Feabhra agus an 7 Márta 2011 agus de thoradh an tSuirbhé Bhliantúil Fáis a rinne an Coimisiún. Féach freisin tuarascáil shintéiseach na hUachtaránachta an 16 Márta 2011.

4. Ní mór na hiarrachtaí atá á ndéanamh maidir le comhdhlúthú fioscach a chomhlánú le hathchóirithe struchtúracha a chuirfidh leis an bhfás. Chuige sin, leagann na Ballstáit béim ar a dtiomantas maidir leis an Straitéis "An Eoraip 2020". Go háirithe, cuirfidh siad bearta chun feidhme ionas:

- an obair a dhéanamh níos tarraingtí;
- cuidiú leis na daoine sin atá dífhostaithe dul ar ais ag obair;
- an bhochtaineacht a chomhrac agus an chuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn;
- infheistiú san oideachas agus san oiliúint;
- cothromaíocht a bheith ann idir an tslándáil agus an tsolúbthacht;
- córais pinsean a athchóiriú;
- caipiteal príobháideach a mhealladh chun an fás a mhaoiniú;
- treisiú leis an taighde agus leis an nuálaíocht;
- teacht ar fhuinneamh a cheadú ar bhealach a bheadh éifeachtúil ó thaobh costas agus dlús a chur le beartais éifeachtúlachta fuinnimh.

5. Leagfaidh Ballstáit amach na príomhbhearta a bheidh riachtanach le dul i dtreo príomhspriocanna "an Eoraip 2020", mar a comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2010 iad. Déanfaidh siad bearta beartais a thíolacadh freisin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá díobhálach agus seasmhach a cheartú agus chun feabhas a chur ar an iomaíochas.

6. Agus na beartais sin á gcur chun feidhme, agus chun úinéireacht leathan a áirithiú, leanfar leis an dlúthchomhar atá ann le Parlaimint na hEorpa agus le hinstitiúidí eile agus le comhlachtaí comhairliúcháin an AE (An Coiste Eorpach um Urrúis, Coiste na Réigiún), agus beidh na parlaimintí náisiúnta, na comhpháirtithe sóisialta, na réigiúin agus geallsealbhóirí eile rannpháirteach go hiomlán ann.

7. Beidh ról lárnach ag an Margadh Aonair maidir leis an bhfás agus leis na bhfostaíocht a chur ar fáil agus maidir leis an iomaíochas a chur chun cinn. Fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh an rún atá ag an gCoimisiún an Gníomh um an Margadh Aonair a thíolacadh agus iarrann sí ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an chéad sraith de bhearta tosaíochta a ghlacadh faoi dheireadh na bliana 2012 chun borradh nua a chur leis an Margadh Aonair. Ba cheart béim faoi leith a chur ar bhearta lena gcothófar fás agus lena gcruthófar poist agus lena mbainfear amach toradh follasach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Ba cheart béim a leagan ar an Ríomh-Margadh Aonair a thabhairt chun críche chomh maith. Ba cheart an t-ualach rialála foriomlán, go háirithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, a laghdú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an tsaincheist sin faoin samhradh. D'fháiltigh an Chomhairle Eorpach freisin roimh an rún atá ag an gCoimisiún bealaí a mholadh chun micri-fiontair a dhíolmhú ó rialacháin áirithe a bheidh ann amach anseo. Ar bhonn na teachtaireachta ón gCoimisiún dar teideal "I dtreo margaidh aonair seirbhísí a fheidhmíonn níos fearr" iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit an Treoir um Sheirbhísí a chur chun feidhme go huile agus go hiomlán agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíochtaí breise a dhéanamh nuair is gá sin chun feabhas a chur ar an margadh inmheánach do sheirbhísí.

8. Tá tábhacht freisin ag baint leis an ngné sheachtrach den Mhargadh Aonair agus ba cheart díriú ar shaorthrádáil oscailte chóir a chur chun cinn, a bheadh ag díriú ar Bhabhta Doha an EDS agus na Comhaontuithe maidir le Saorthrádáil a chur chun críche i gcomhréir le conclúidí chruinniú na Comhairle Eorpaí an 16 Meán Fómhair 2010. Ba cheart luí isteach ar an obair go pras i bhfianaise na tuarascála ón gCoimisiún ina leagtar amach na tosaíochtaí maidir le deireadh a chur le bacainní ar thrádáil i dtríú tíortha.

***Rialachas a neartú***

9. Tá an pacáiste de shé cinn de thograí reachtacha maidir le rialachas eacnamaíoch fíorthábhachtach d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh feabhas ar an smacht fioscach agus chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha a sheachaint. Áirítear leis an bpacáiste sin athchóiriú ar an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis chun feabhas a chur ar an bhfaireachas ar bheartais fhioscacha agus chun bearta forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí agus ag céim níos luaithe, forálacha nua maidir le creata náisiúnta fioscacha agus faireachán nua ar mhíchothromaíochtaí mairceacnamaíocha.

10. Fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh an gcur chuige ginearálta a comhaontaíodh sa Chomhairle maidir leis na tograí, rud a réitíonn an bóthar do chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. D'iarr sé go gcuirfí dlús leis an obair chun go nglacfaí iad i mí an Mheithimh 2011.

***Beartas eacnamaíoch a chomhordú ar bhealach níos fearr: an Comhshocrú Euro Plus***

11. Leis an gComhshocrú Euro Plus, mar a chomhaontaigh Ceannairí Stáit nó Rialtais an limistéir euro é agus a bhfuil an Bhulgáir, an Danmhairg, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Rómáin páirteach ann freisin (féach Iarscríbhinn I), neartófar tuilleadh colún eacnamaíoch an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta agus bainfear amach leibhéal nua ardchaighdeáin maidir le beartas eacnamaíoch a chomhordú, agus é mar chuspóir ag an gComhshocrú sin feabhas a chur ar an iomaíochas agus dá bhrí sin leibhéal níos airde cóineasaithe a bhaint amach lena ndéanfar ár ngeilleagar margaidh shóisialta a athneartú. Is féidir le Ballstáit eile a bheith páirteach i gcónaí sa Chomhshocrú. **Urramófar sláine an Mhargaidh Aonair leis an gComhshocrú**.

12. Na Ballstáit sin atá páirteach sa Chomhshocrú, tá siad tiomanta, ar bhonn na dtáscairí agus ar bhonn na bprionsabal atá sa Chomhshocrú sin, sraith de ghníomhaíochtaí coincréideacha a fhógairt a bheidh le cur i gcrích laistigh den dá mhí dhéag atá romhainn. Tá na chéad ghealltanais fógartha cheana féin ag roinnt Ballstát. Gach Ballstát atá rannpháirteach, tíolacfaidh siad a gcuid gealltanas a luaithe is féidir agus in am, ar chaoi ar bith, lena gcuimsiú ina gCláir um Chobhsaíocht nó um Chóineasú agus ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú a bheidh le cur isteach i mí Aibreáin agus a bheidh le cur i láthair chun a measúnaithe ag cruinniú na Comhairle Eorpaí i mí an Mheithimh.

***An earnáil baincéireachta a athbheochan***

13. Tá tástálacha struis á ndéanamh ag an Údarás Eorpach Baincéireachta agus ag na húdaráis ábhartha. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an tábhacht atá leis an bpróiseas athbhreithnithe piaraí a bheidh le cur i gcrích i ndlúthchomhar leis na maoirseoirí náisiúnta, leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach, leis an gCoimisiún agus leis an mBanc Ceannais Eorpach, d'fhonn cur le comhsheasmhacht agus le cáilíocht na dtorthaí. Áiritheofar leibhéal ard nochta faisnéise i gcás na mbanc, lena n-áireofar nochtadh faisnéise maidir le sealúchais fiachais cheannasaigh.

14. Sula bhfoilseofar na torthaí, ullmhóidh na Ballstáit straitéisí sonracha, uaillmhianacha d'fhonn forais atá i mbaol a athstruchtúrú, lena n-áirítear réitigh ón earnáil phríobháideach (maoiniú díreach ón margadh nó sócmhainní a dhíol) agus creat láidir a bheidh i gcomhréir le rialacha maidir leis an státchabhair chun tacaíocht rialtais a chur ar fáil más gá.

15. Mar a chomhaontaigh an Comhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2010, ba cheart féachaint an bhféadfaí cáin dhomhanda ar idirbhearta airgeadais a thabhairt isteach agus an cheist a fhorbairt tuilleadh. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an rún atá ag an gCoimisiún tuarascáil a chur ar fáil faoin bhfómhar 2011 ar a dhéanaí, maidir le cáin a ghearradh ar an earnáil airgeadais.

***Sásraí cobhsaíochta an limistéir euro a neartú***

16. Ag cuimhneamh di ar an tábhacht atá le cobhsaíocht airgeadais a áirithiú sa limistéar euro, ghlac an Chomhairle Eorpach an cinneadh lena leasaítear an CFAE maidir leis an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht a chur ar bun. Cuireann sí in iúl nach mór nósanna imeachta náisiúnta formheasa a chur ar bun go pras ionas go dtiocfadh an Sásra sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013.

17. Fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh na cinntí a ghlac Ceannairí Stáit nó Rialtais an limistéir euro an 11 Márta agus déanann sí sainghnéithe an SEC a fhormhuiniú (féach Iarscríbhinn II). Cuirfear bailchríoch ar an ullmhúchán atá ar bun maidir le Conradh SEC agus maidir leis na leasuithe ar chomhaontú EFSF, d'fhonn a acmhainn iarbhír chun EUR 440 billiún a thabhairt in iasachtaí a áirithiú, le go bhféadfar an dá chomhaontú a shíniú ag an am céanna roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2011.

## II. AN LIBIA / COMHARSANACHT AN DEISCIRT

18. Phléigh an Chomhairle Eorpach an staid sa Libia agus d'fhormhuinigh sí na conclúidí a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an 21 Márta. Ag cuimhneamh don Chomhairle Eorpach ar an Ráiteas a rinne sí an 11 Márta, léirigh sí gur dhíol sásaimh di gur glacadh Rún 1973 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena gcuirtear in iúl prionsabal na freagrachta chun cosaint a thabhairt agus chuir sí i bhfios go láidir go raibh sé de rún daingean aici rannchuidiú lena chur chun feidhme. D'fháiltigh sí freisin roimh an gCruinniú Mullaigh a tionóladh i bPáras an 19 Márta mar bheart lena rannchuideofar go mór le cur chun feidhme an Rúin. Cháin sí an dúshlánánacht a léiríonn réimeas na Libia go fóill i leith Rún 1970 agus Rún 1973 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus cháin sí freisin an cos ar bolg brúidiúil a leanann an réimeas de bheith ag imirt ar a chuid saoránach féin. Thug sí dá haire go ndearna na gníomhartha a rinneadh i gcomhréir leis an sainordú ón gComhairle Slándála rannchuidiú suntasach i gcosaint na sibhialtach agus na limistéar ina bhfuil siad ag maireachtaint atá faoi bhagairt ionsaí agus gur chabhraigh siad le beatha sibhialtach a shábháil. Nuair a bheidh an pobal sibhialtach slán sábháilte ón mbagairt go ndéanfar ionsaí orthu agus nuair a chomhlíonfar cuspóirí UNSCR 1973, cuirfear críoch leis na hoibríochtaí míleata.

    Chuir an Chomhairle Eorpach béim ar an ról tábhachtach atá ag na tíortha Arabacha, go háirithe ag Léig na nArabach, i dtacaíocht ghníomhach a thabhairt do UNSCR 1973 a chur chun feidhme agus chun teacht ar réiteach polaitiúil ar an ngéarchéim.

19. I gcomhréir le UNSCR 1973, déanfaidh an tAontas Eorpach, i gcomhar le Léig na nArabach, leis na Náisiúin Aontaithe agus le hAontas na hAfraice, treise a chur lena n-iarrachtaí chun teacht ar réiteach a fhreagróidh d'éilimh dhlisteanacha phobal na Libia. D'iarr an Chomhairle Eorpach an athuair ar an gCoirnéal Kadhafi scaradh leis an gcumhacht láithreach chun go bhféadfaidh an Libia tosú ar chlaochlú rianúil a reachtálfaidh muintir na Libia féin i dtreo an daonlathas trí idirphlé a mbeidh bonn leathan leis, agus aird á tabhairt freisin an ngá atá le ceannasacht na Libia agus sláine a críche a áirithiú. Tá an AE réidh leis an idirphlé seo a chothú, lena n-áirítear idirphlé leis an gComhairle Naisiúnta Idirthréimhseach, agus chun cabhair eacnamaíoch a thabhairt don Libia nua agus cuidiú le tógáil a hinstitiúidí, i gcomhar le Léig na nArabach, leis na Náisiúin Aontaithe,le hAontas na hAfraice agus le comhpháirtithe eile.

20. Tá an tAontas Eorpach tar éis gníomhú go tapa chun na smachtbhannaí a forchuireadh le Rúin 1970 agus 1973 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear daoine breise agus eintitis bhreise a ainmniú i liosta neamhspleách an AE de dhaoine agus d'eintitis atá faoi réir beart sriantach. Tá an AE réidh le smachtbhannaí breise a chur ar bun agus a ghlacadh, lena n-áirítear bearta lena n-áiritheofar nach bhfaighidh réimeas Khadafi ioncaim ola agus gháis. Glacfaidh na Ballstáit tograí a bheidh comhchosúil leis na tograí ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

21. Is ábhár mór imní i gcónaí é an staid dhaonnúil sa Libia agus ar a teorainneacha. Leanfaidh an AE de chabhair dhaonnúil a chur ar fáil do gach éinne atá thíos leis an staid, i ndlúthchomhar leis na gníomhaireachtaí agus na ENRanna lena mbaineann. Tá an AE tar éis cur lena phleanáil do thacaíocht leis an gcabhair dhaonnúil agus le hoibríochtaí cosanta sibhialta, lena n-áirítear gníomhaíocht ar muir, agus leanfaidh sé den phleanáil sin.

22. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle an bealach rianúil inar reachtáladh an reifreann ar leasuithe ar an mbunreacht san Éigipt an 19 Márta, rud a mheasann sí a bheith ina chéim shuntasach i dtreo córais dhaonlathaigh níos oscailte.

23. Agus an Chomhairle Eorpach á thabhairt faoi deara go mbíonn staid éagsúil ann i ngach tír, léirigh sí gur mórábhar imní é an staid mar atá sa tSiria, in Éimin agus i mBairéin, cháin sí go géar an foréigean a bheith ag dul in olcas agus an lámh láidir a bheith á húsáid i gcoinne léirsitheoirí, agus d'iarr sí ar na páirtithe uile lena mbaineann páirt a ghlacadh in idirphlé macánta, inchiallaithe gan mhoill gan réamhchoinníollacha. D'fhormhuinigh sí na conclúidí a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an 21 Márta.

24. Ba cheart luí isteach ar an obair go pras chun comhpháirtíocht nua a fhorbairt leis an réigiún, i gcomhréir le dearbhú na Comhairle Eorpaí an 11 Márta 2011. Beidh an chomhpháirtíocht sin bunaithe ar lánpháirtíocht fhodhomhain eacnamaíoch, ar rochtain níos leithne ar an margadh agus ar chomhar polaitiúil níos dlúithe agus leanfar cur chuige difreálaithe léi a bheidh bunaithe ar an bhfeidhmíocht. Mar na chéad chéimeanna chun an pacáiste a comhaontaíodh an 11 Márta a chur chun feidhme, agus ar bhonn na teachtaireachta a d'eisigh an Coimisiún agus an tArdionadaí i gcomhpháirt lena chéile, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfar dul chun cinn go pras ar an dul seo a leanas:

- cuirfidh an AE agus na Ballstáit leis an gcúnamh daonnúil atá á thabhairt acu;
- déanfar scagadh agus athfhócasú ar chláir leanúnacha cúnaimh atá ar bun i dtíortha na Meánmhara Theas, agus déanfar sin trí idirphlé a dhéanamh leis na tíortha lena mbaineann más féidir;
- ba cheart an tsíleáil maidir le hoibríochtaí an BEI a ardú EUR 1 billiún i gcás tíortha na Meánmhara a bhfuil athchóiriú polaitiúil ar bun acu, gan oibríochtaí i gcás tíortha máguaird an AE san Oirthear a laghdú;
- ba cheart do scairshealbhóirí an BEAF féachaint ar ghníomhaíochtaí an Bhainc a shíneadh chomh fada le tíortha i gComharsanacht an Deiscirt;
- na tograí le haghaidh rialacha pan-Eora-Mheánmhara maidir le tionscnamh, ba cheart iad a glacadh gan mhoill agus iarrtar ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh i dtaobh modhanna eile chun an trádáil agus an infheistíocht dhíreach eachtrach a fheabhsú sa réigiún sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

25. Fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh an gcuairt a thug an Uachtaránacht agus an Coimisiún le déanaí ar an Éigipt mar an chéad chéim de chomhairliúcháin chun cur chuige cuimsitheach a chur chun cinn maidir le himirce idir tíortha réigiún Chomharsanacht an Deiscirt agus an tAontas Eorpach. Sa chomhthéacs seo, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún a chuid tograí maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith na hImirce agus maidir leis an gComhpháirtíocht Soghluaiseachta a thíolacadh i bhfad roimh an dáta a dtionólfar Cruinniú na Comhairle Eorpaí i mí an Mheithimh.

26. Ina theannta sin, tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth le Plean a bheith á thíolacadh ag an gCoimisiún chun forbairt a dhéanamh ar an gcumas bainistiú a dhéanamh ar shreabha imirce agus dídeanaithe sula dtionólfar Cruinniú na Comhairle Eorpaí i mí an Mheithimh. Ba cheart teacht ar chomhaontú, faoi mhí an Mheithimh 2011, maidir leis an rialachán lena gcuirtear le cumas Frontex. Idir an dá linn, cuirfidh an Coimisiún breis acmhainní ar fáil chun tacú le hoibríochtaí Hermes agus Poseidon 2011, ar oibríochtaí de chuid na gníomhaireachta iad, agus iarrtar ar na Ballstáit tuilleadh acmhainní daonna agus teicniúla a chur ar fáil. Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit faoi réir chun a ndlúthpháirtíocht phraiticiúil a léiriú do na Ballstáit is mó atá thíos le sreabha imirce agus chun an tacaíocht is gá a chur ar fáil de réir mar a thiocfaidh cor nua ar an scéal.

## III. <u>AN tSEAPÁIN</u>

27. Tacóidh an tAontas Eorpach leis an tSeapáin agus í ag iarraidh na dúshláin atá amach roimpi a shárú tar éis an chreatha talún agus an tsúnámaí a bhuail an tír sin, eachtra a bhfuil iarmhairtí tubaisteacha ag gabháil leis.

28. De thoradh ar an gcéad iarraidh ó rialtas na Seapáine, tá soláthairtí fóirithinte á gcur ar fáil ag an AE don dream atá thíos leis an tubaiste. Tá an AE ullamh le breis tacaíochta a thabhairt má iarrtar sin. Ar an mórgóir, tá spéis ag an AE an comhar leis an tSeapáin a fhorbairt maidir le fóirithint anachaine.

29. Molann an AE údaráis na Seapáine as an ngníomh mear, cinntitheach atá déanta acu mar fhreagairt ar mhí-oird sna margaí airgeadais. Fáiltíonn sé roimh an ngníomh a rinne an G7 maidir leis an yen. Tá an AE ullamh le comhoibriú go hiomlán leis an tSeapáin chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais a leanann na himeachtaí sin, lena n-áirítear comhoibriú i gcomhthéacs an G8 agus an G20.

30. Ag féachaint di roimpi amach, luaigh an Chomhairle Eorpach arís an tábhacht straitéiseach atá ag an gcaidreamh idir an AE agus an tSeapáin. Ní mór leas a bhaint as an gcruinniú mullaigh atá le teacht chun an caidreamh sin a neartú agus chun ár gclár oibre coiteann a chur chun cinn, go háirithe trí chaibidlíocht a fhéadfar a sheoladh do chomhaontú saorthrádála ar an tuiscint go bhfuil an tSeapáin toilteanach dul i ngleic *inter alia* le ceist na mbacainní neamhtharaife agus na srianta ar sholáthar poiblí.

31. I dtaca leis sin, cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl go láidir go gcaithfear ceachtanna a fhoghlaim ó na himeachtaí sin agus gach faisnéis is gá a chur ar fáil don phobal. Meabhraíonn sí go dtagann an meascán fuinnimh faoi inniúlacht na mBallstát agus iarrann sí go luífear isteach ar an obair, agus tús áite á tabhairt do na gnéithe seo a leanas:

- ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar shábháilteacht gach gléasra núicléach san AE, bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach agus trédhearcach ar rioscaí agus ar shábháilteacht ("tástálacha struis"); iarrtar ar an nGrúpa Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG) agus ar an gCoimisiún raon feidhme agus rialacha mionsonraithe na dtástálacha sin a fhorbairti gcreat comhordaithe i bhfianaise na gceachtanna atá le foghlaim as na himeachtaí a tharla sa tSeapáin agus, le rannpháirtíocht iomlán na mBallstát, leas iomlán a bhaint as an saineolas atá ar fáil (go háirithe ón gComhlachas Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach); is údaráis náisiúnta neamhspleácha a chuirfidh na measúnuithe i gcrích trí athbhreithniú piaraí;ba cheart torthaí na measúnuithe sin agus aon bhearta a dhéanfar ina dhiaidh sin a roinnt leis an gCoimisiún agus laistigh de ENSREG agus a phoibliú; déanfaidh an Chomhairle Eorpach measúnú na gcéad torthaí faoi dheireadh 2011, ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún;

- ní leor, gan amhras, gur laistigh de theorainneacha an AE amháin a bheadh sé mar thosaíocht sábháilteacht an ghléasra núicléach a áirithiú; iarrfaidh an AE go gcuirfear "tástálacha struis" i gcrích sna tíortha maguaird agus ar fud an domhain, maidir leis na monarchana atá ann faoi láthair agus atá pleanáilte don am atá le teacht; i dtaca leis sin, ba cheart leas iomlán a bhaint as eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha;

- ba cheart ardchaighdeáin a chur chun feidhme maidir le sábháilteacht núicléach agus na caighdeáin sin a fheabhsú go leanúnach san AE agus ba cheart iad a chur chun cinn go hidirnáisiúnta;

- déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil agus rialála atá ann faoi láthair do shábháilteacht gléasraí nuicléacha agus déanfaidh siad moltaí faoi dheireadh 2011 maidir le pé feabhsuithe is gá. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear an treoir maidir le sábháilteacht gléasraí núicléacha chun feidhme go huile is go hiomlán. Ba cheart an Treoir atá beartaithe maidir le bhreosla caite agus dramhaíl raidioghníomhach a bhainistiú a ghlacadh a luaithe is féidir. Iarrtar ar an gCoimisiún smaoineamh a dhéanamh ar an gcaoi chun sábháilteacht núicléach a chur chun cinn sna tíortha máguaird;

- ní mór súil ghéar a choimeád ar na hiarmhairtí a bheidh ann don domhan agus don AE ó, agus aird ar leith á tabhairt ar luaineacht praghsanna fuinnimh agus tráchtearraí, go háirithe i gcomhthéacs an G20.

**IARSCRÍBHINN I**

**AN COMHSHOCRÚ EURO PLUS**
**COMHORDÚ NÍOS FEARR AR NA BEARTAIS EACNAMAÍOCHA, AR MHAITHE LEIS AN IOMAÍOCHAS AGUS LEIS AN gCÓINEASÚ**

Chomhaontaigh Ceannairí Stáit nó Rialtais an limistéir euro an Comhshocrú seo agus a bhfuil an Bhulgáir, an Danmhairg, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Rómáin páirteach ann freisin chun colún eacnamaíoch an aontais airgeadaíochta a neartú, chun cáilíocht nua a bhaint amach maidir le comhordú ar an mbeartas eacnamaíoch, chun feabhas a chur ar an iomaíochas, agus ar an gcaoi sin cóineasú méadaithe a bhaint amach. Dírítear go príomhúil leis an gComhshocrú seo ar réimsí a thagann faoin inniúlacht náisiúnta agus atá lárnach chun cur leis an iomaíochas agus chun míchothromaíochtaí díobhálacha a sheachaint. Tá an t-iomaíochas riachtanach chun cabhrú leis an AE fás ar bhealach a bheidh níos gasta agus níos inbhuanaithe sa mheántéarma agus san fhadtéarma, chun leibhéil ioncaim níos airde a chur ar fáil do shaoránaigh, agus chun ár múnlaí sóisialta a chaomhnú. Tugtar cuireadh do Bhallstáit eile páirt a ghlacadh ar bhonn saorálach sa Chomhshocrú.

An iarracht nua seo ar chomhordú na mbeartas eacnamaíoch, ar mhaithe leis an iomaíochas agus ar mhaithe leis an gcóineasú, tá sí bunaithe ar **cheithre cinn de rialacha treorach**:

**a.** Beidh an iarracht seo ***ag teacht leis an rialachas eacnamaíoch atá ann cheana*** san AE agus **neartóidh sí an rialachas eacnamaíoch sin**, agus déanfar breisluach a chur ar fáil léi chomh maith. Beidh sí comhsheasmhach leis na hionstraimí atá ann cheana (An Eoraip 2020, an Seimeastar Eorpach, na Treoirlínte Comhtháite, an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus an creat nua don fhaireachas maicreacnamaíoch). Déanfar iarracht speisialta léi chun dul níos faide ná an méid atá ann cheana agus áireofar gealltanais choincréideacha agus gníomhaíochtaí coincréideacha atá níos uaillmhianaí ná na cinn a comhaontaíodh cheana, agus beidh clár ama don chur chun feidhme ag gabháil léi. Áireofar na gealltanais nua sin sna Cláir Náisiúnta um Athchóiriú agus sna Cláir Chobhsaíochta agus beidh siad faoi réir an ghnáthchreata faireachais, agus ról mór lárnach ag an gCoimisiún san fhaireachán a dhéanfar ar chur chun feidhme na ngealltanas, agus beidh gach comhdhéanamh ábhartha den Chomhairle agus den Ghrúpa Euro páirteach ann. Beidh ról lárnach ag Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir lena hinniúlachtaí. Beidh na comhpháirtithe sóisialta lánpháirteach ar leibhéal an AE tríd an gCruinniú Mullaigh Sóisialta Tríthaobhach.

**b.** Beidh an iarracht seo fócasaithe, beidh sí dírithe ar ghníomhaíocht, agus cumhdófar ***réimsí beartais tosaíochta léi atá ríthábhachtach chun an t-iomaíochas agus an cóineasú a chaomhnú***. Díreofar léi ar ghníomhaíochtaí a thagann faoi inniúlachtaí na mBallstát. Sna réimsí beartais a roghnaítear, ***comhaontófar comhchuspóirí ar leibhéal na gCeannairí Stáit nó Rialtais***. ***Saothróidh na Ballstáit a bheidh rannpháirteach na cuspóirí sin lena meascán beartais féin, agus na dúshláin shonracha atá rompu féin á gcur san áireamh acu.***

**c.** ***Tabharfaidh gach Ceannaire Stáit nó Rialtais gealltanais choincréideacha náisiúnta gach bliain.*** Agus é sin a dhéanamh acu, cuirfidh na Ballstáit na cleachtais is fearr san áireamh agus déanfaidh siad tagarmharcáil in aghaidh na bhfeidhmeoirí is fearr, san Eoraip agus i ndáil leis na comhpháirtithe straitéiseacha eile.

Ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún, déanfaidh ***Ceannairí Stáit nó Rialtais*** an limistéir euro agus na dtíortha rannpháirteacha ***faireachán polaitiúil***, go bliantúil, ar chur chun feidhme na ngealltanas agus ar an dul chun cinn i dtreo na gcomhchuspóirí beartais. Ina theannta sin, geallann na Ballstáit go rachaidh siad i gcomhairle lena gcomhpháirtithe maidir le gach mór-athchóiriú eacnamaíoch a bhféadfadh éifeacht iarmharta a bheith aige sula nglacfar an t-athchóiriú eacnamaíoch sin.

**d**. Tá na Ballstáit rannpháirteacha go hiomlán tiomanta do chur i gcrích an Mhargaidh Aonair, rud atá lárnach chun an t-iomaíochas san AE agus sa limistéar euro a fheabhsú. Beidh an próiseas seo ag teacht go hiomlán leis an gConradh. ***Urramófar sláine an Mhargaidh Aonair leis an gComhshocrú***.

**Na spriocanna atá againn**

Tabharfaidh na Ballstáit rannpháirteacha faoi na bearta go léir atá riachtanach chun na cuspóirí a leanas a shaothrú:

- Iomaíochas a chothú
- Fostaíocht a chothú
- Cur le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí
- Cobhsaíocht airgeadais a threisiú

Tíolacfaidh gach Ballstát a bheidh rannpháirteach na bearta sonracha a ghlacfaidh sé chun na spriocanna sin a bhaint amach. Más féidir le Ballstát a thaispeáint nach bhfuil gá le gníomhaíocht i réimse amháin nó i réimse eile, ní chuirfidh sé an ghníomhaíocht sin san áireamh. ***Is faoi gach tír a bheidh sé*** na gníomhaíochtaí sonracha beartais a roghnú a mbeidh gá leo chun na comhchuspóirí a bhaint amach, ***ach tabharfar aird faoi leith ar na bearta a d'fhéadfadh a bheith ann agus a luaitear thíos.***

**Gealltanais choincréideacha beartais agus faireachán**

Déanfaidh na Ceannairí Stáit nó Rialtais faireachán polaitiúil ar an dul chun cinn i dtreo na gcomhchuspóirí, bunaithe arshraith de tháscairí lena gcumhdaítear an t-iomaíochas, an fhostaíocht, an inbhuanaitheacht fhioscach agus an chobhsaíocht airgeadais. Sainaithneofar na tíortha a bhfuil dúshláin mhóra rompu in aon cheann de na réimsí sin agus beidh orthu gealltanas a thabhairt go dtabharfaidh siad aghaidh ar na dúshláin sin laistigh de chreat ama faoi leith.

***a. Iomaíochas a chothú***

Déanfar measúnú ar an dul chun cinn ar bhonn forbairtí i bpá agus i dtáirgiúlacht agus ar bhonn riachtanas coigeartaithe iomaíochais. Chun a mheas an bhfuil pá ag athrú i gcomhréir leis an táirgiúlacht, déanfar faireachán ar chostais aonaid saothair (CAS) thar thréimhse ama, trí chomparáid a dhéanamh le forbairtí i dtíortha eile sa limistéar euro agus sna príomh-chomhpháirtithe trádála inchomparáide. I gcás gach tíre, déanfar measúnú ar CASanna don gheilleagar ina iomláine agus maidir le gach ollearnáil (déantúsaíocht; seirbhísí; earnáil na n-earraí intrádála agus earnáil na n-earraí neamh-intrádála). D'fhéadfadh sé go ndéanfaí creimeadh ar an iomaíochas dá mbeadh méaduithe móra leanúnacha ann, go háirithe dá mbeadh easnamh mór san am céanna sa chuntas reatha agus scaireanna an mhargaidh d'onnmhairithe ag ísliú. Caithfear gníomhaíocht a dhéanamh chun cur leis an iomaíochas i ngach tír, ach caithfear aird faoi leith a thabhairt ar na tíortha sin a bhfuil dúshláin mhóra rompu i ndáil leis sin. Chun a áirithiú go mbeidh an fás cothrom ar fud an limistéir euro ina iomláine, beartófar ionstraimí sonracha agus comhthionscnaimh chun táirgiúlacht a chothú sna réigiúin atá tite ar gcúl.

Beidh gach tír freagrach as na gníomhaíochtaí sonracha beartais a roghnóidh sí chun an t-iomaíochas a chothú, ach tabharfar aird faoi leith ar na hathchóirithe a leanas:

(i) agus tradisiúin náisiúnta maidir leis an agallamh sóisialta agus maidir leis an gcaidreamh tionsclaíoch á n-urramú, bearta lena áirithiú go bhforbrófar na costais i gcomhréir leis an táirgiúlacht, amhail:

- athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe chun pá a leagan síos, agus i gcás inar gá, ar mhéid an lárnaithe sa phróiseas cómhargála, agus ar na sásraí um innéacsú, agus ag an am céanna neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta sa phróiseas cómhargála á choinneáil;
- a áirithiú go mbeidh socruithe pá san earnáil phoiblí ag teacht leis na hiarrachtaí ar iomaíochas san earnáil phríobháideach (agus é á thabhairt chun cuimhne gur mór an éifeacht comharthaíochta a bhíonn ag pá na hearnála poiblí).

(ii) bearta chun an táirgiúlacht a mhéadú, amhail:

- na hearnálacha cosanta a oscailt tuilleadh trí bhearta a dhéanfar ar an leibhéal náisiúnta chun deireadh a chur le srianta gan údar ar sheirbhisí gairmiúla agus ar an earnáil miondíola, chun tacú leis an iomaíochas agus leis an éifeachtúlacht, agus urraim iomlán á tabhairt do *acquis* an Chomhphobail;
- iarrachtaí sonracha a dhéanamh chun córais oideachais a fheabhsú agus chun T&F, nuálaíocht agus bonneagar a chur chun cinn;
- bearta a ghlacadh chun an timpeallacht gnó a fheabhsú, go háirithe maidir le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, go háirithe trí fháil réidh le téip dhearg agus tríd an gcreat rialála a fheabhsú (e.g. dlíthe féimheachta, an cód tráchtála).

***b. Fostaíocht a chothú***

Tá margadh saothair a fheidhmíonn go maith ríthábhachtach d'iomaíochas an limistéir euro. Déanfar measúnú ar an dul chun cinn ar bhonn na dtáscairí seo a leanas: rátaí dífhostaíochta fadtéarma, rátaí dífhostaíochta i measc an ógra agus rátaí rannpháirtíochta saothair.

Beidh gach tír freagrach as na gníomhaíochtaí beartais sonracha a roghnóidh sí chun fostaíocht a chothú, ach tabharfar aird faoi leith ar na hathchóirithe seo a leanas:

- athchóirithe mhargadh an tsaothair chun "solúbthacht agus socracht" a chur chun cinn, chun obair neamhdhearbhaithe a laghdú agus chun an rannpháirtíocht saothair a mhéadú;
- foghlaim ar feadh an tsaoil;
- athchóirithe cánach, amhail cáin ar shaothar a ísliú chun gur fiú tairbhe na hoibre an trioblóid, fad a dhéanfar ioncam ó chánacha a chaomhnú agus fad a dhéanfar bearta chun rannpháirtíocht an dara duine atá ag tuilleamh san fhórsa oibre a éascú.

### *c. Inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú*

D'fhonn cur chun feidhme iomlán an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a chinntiú, tabharfar an-aird go deo ar na nithe seo a leanas:

- Inbhuanaitheacht na bpinsean, an chúraim sláinte agus na sochar sóisialta

Déanfar í seo a mheasúnú go háirithe ar bhonn tháscairí an bearna inbhuanaitheachta[1]. Leis na táscairí seo, tomhaistear an bhfuil na leibhéil fiachais inbhuanaithe, bunaithe ar na beartais atá ann faoi láthair, go háirithe scéimeanna pinsean, córais cúraim sláinte agus córais sochair, agus fachtóirí déimeagrafacha á gcur san áireamh.

D'fhéadfadh sé go n-áireofaí na nithe seo a leanas ar na hathchóirithe is gá chun inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht pinsean agus sochar sóisialta a áirithiú:

- an córas pinsean a ailíniú leis an suíomh déimeagrafach náisiúnta, mar shampla tríd an aois scoir iarbhír a ailíniú leis an ionchas saoil nó trí rátaí rannpháirtíochta a ardú;
- scéimeanna luathscoir a theorannú agus spriocdhreasachtaí a úsáid chun oibrithe níos sine a fhostú (go háirithe san aoisghrúpa os cionn 55 bliana d'aois).

[1] Is táscairí iad an bhearna inbhuanaitheachta a chomhaontaíonn an Coimisiún agus na Ballstáit chun inbhuanaitheacht fhioscach a mheasúnú.

- Rialacha náisiúnta fioscacha

Geallann na Ballstáit rannpháirteacha go ndéanfaidh siad rialacha fioscacha an AE, mar a leagtar amach sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis iad, a thrasuí ina reachtaíocht náisiúnta. Beidh rogha ag na Ballstáit maidir leis an meán dlíthiúil náisiúnta a úsáidfear, ach áiritheoidh siad go bhfuil sé sách láidir, sách marthanach agus sách ceangailteach (e.g. bunreacht nó creatdlí). Cinnfidh gach tír an leagan amach beacht a bheidh ar an riail (e.g. d'fhéadfadh sé gur "coscán fiachais", riail a bhaineann leis an bpríomhchomhardú nó riail chaiteachais a bheadh inti), ach ba cheart di an smacht fioscach a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fo-náisiúnta. Beidh deis ann dul i gcomhairle leis ag an gCoimisiún, agus urraim iomlán á tabhairt do shainchumais na bparlaimintí náisiúnta, maidir leis an riail fhioscach shonrach sula nglacfar í ionas go n-áiritheofar go bhfuil sí comhoiriúnach le rialacha an AE agus go dtacaíonn sí leo.

***d. Cobhsaíocht airgeadais a threisiú***

Tá earnáil airgeadais láidir ríthábhachtach le haghaidh chobhsaíocht fhoriomlán an limistéir euro. Tá athchóiriú cuimsitheach ar chreat an AE do mhaoirseacht agus rialáil na hearnála airgeadais seolta cheana féin.

Sa chomhthéacs seo, geallann na Ballstáit go rithfidh siad reachtaíocht náisiúnta um réiteach baincéireachta, agus *acquis* an Chomhphobail á urramú go hiomlán acu. Tabharfar faoi dhiantástálacha struis bainc, a chomhordófar ar leibhéal an AE, ar bhonn tráthrialta. Ina theannta sin, iarrfar ar Uachtarán an BERS agus ar Uachtarán an Ghrúpa Euro na Ceannairí Stáit nó Rialtais a chur ar an eolas go tráthrialta faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an gcobhsaíocht macra-airgeadais agus faoi fhorbairtí maicreacnamaíocha sa limistéar euro a gcaithfear gníomhaíocht shonrach a dhéanamh dá mbarr. Go háirithe, le haghaidh gach Ballstáit, déanfar faireachán géar ar leibhéal an fhiachais phríobháidigh sna bainc, i dteaghlaigh agus i ngnólachtaí neamh-airgeadais.

***

Chomh maith leis na saincheisteanna a luaitear thuas, tabharfar aird **ar chomhordú ar bheartais chánach**.

Tá cánachas díreach mar inniúlacht náisiúnta fós. Caithfear comhordú pragmatach a dhéanamh ar bheartais chánach má táthar le comhordú níos fearr a dhéanamh ar bheartais eacnamaíocha sa limistéar euro chun tacú leis an gcomhdhlúthú fioscach agus leis an bhfás eacnamaíoch. Sa chomhthéacs seo, geallann na Ballstáit go rachaidh siad i mbun plé struchtúrtha faoi shaincheisteanna maidir leis an mbeartas cánach, go háirithe chun malartú dea-chleachtais a áirithiú agus cleachtais dhíobhálacha a sheachaint agus ar mhaithe le tograí chun an chalaois agus an imghabháil chánach a chomhrac.

Ach comhbhonn a fhorbairt don cháin chorparáideach, d'fhéadfaí bealach atá neodrach ó thaobh an ioncaim de a aimsiú chun an chomhsheasmhacht a áirithiú idir na córais náisiúnta cánach, agus straitéisí náisiúnta cánach á n-urramú, agus bealach a aimsiú chun cur leis an inbhuanaitheacht fhioscach agus le hiomaíochas ghnólachtaí na hEorpa.

Thíolaic an Coimisiún togra reachtach maidir le comhbhonn comhdhlúite don cháin chorparáideach.

**Gealltanais choincréideacha bhliantúla**

D'fhonn a thaispeáint go bhfuil siad tiomanta, dáiríre, don athrú agus d'fhonn an spreagadh polaitiúil is gá chun na comhchuspóirí atá againn a áirithiú, comhaontóidh na Ballstáit rannpháirteacha, gach bliain, ar an leibhéal is airde, tacar de ghníomhaíochtaí coincréideacha a bheidh le cur i gcrích laistigh de 12 mhí. Is faoi na tíortha féin a bheidh sé na bearta sonracha beartais a bheidh le cur chun feidhme a roghnú, ach beidh orthu na saincheisteanna a luaitear thuas a chur san áireamh agus na bearta sin á roghnú acu. Léireofar na gealltanais sin freisin sna Cláir Náisiúnta um Athchóiriú agus sna Cláir Chobhsaíochta a chuirfear isteach gach bliain agus a bheidh á meas ag an gCoimisiún, ag an gComhairle agus ag an nGrúpa Euro i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

**IARSCRÍBHINN II**

**Bileog Téarmaí maidir leis an SEC**

Chinn an Chomhairle Eorpach an mhír seo a leanas a chur le hAirteagal 136 den Chonradh:

"Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu sásra cobhsaíochta a bhunú atá le gníomhachtú má tá sé sin fíor-riachtanach chun cobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine a choimirciú. Beidh deonú aon chúnaimh airgeadais atá ag teastáil faoin sásra faoi réir coinníollachta doichte.

De bhreis ar an gcinneadh sin, tá sé aontaithe ag an gComhairle Eorpach go gcaithfidh Ballstáit an limistéir euro buansásra cobhsaíochta a bhunú: an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht (SEC). Is le comhthoil a dhéanfar an SEC a ghníomhachtú[1], má bhíonn sé sin fíor-riachtanach chun cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine a choimirciú. Glacfaidh an SEC ról na Saoráide Eorpaí um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) agus ról an tSásra Eorpaigh um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) sa chaoi is go gcuirfidh sé cúnamh seachtrach airgeadais ar fáil do Bhallstáit an limistéir euro ó mhí an Mheithimh 2013 ar aghaidh.

Tabharfar rochtain ar chúnamh airgeadais ón SEC faoi choinníollacht dhocht beartais, bunaithe ar dhianchlár de choigeartuithe maicreacnamaíocha agus bunaithe ar anailís chríochnúil a dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach i dteannta an CAI agus i gcomhar leis an BCE ar inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí. Ceanglófar ar an mBallstát ar tairbhí é rannpháirt chuí na hearnála príobháidí a chinntiú, de réir na gcúinsí sonracha a bheidh i gceist agus ar bhealach a bheidh ag teacht go huile agus go hiomlán le cleachtais an CAI.

Beidh acmhainn iarbhír ag an SEC chun EUR 500 billiún a thabhairt in iasachtaí[2]. Déanfar athbhreithniú ar bhonn rialta, ar a laghad uair sna cúig bliana, ar leordhóthanacht a acmhainne chun iasachtaí a thabhairt. Féachfaidh an SEC le forlíonadh a dhéanamh ar a acmhainn chun iasachtaí a thabhairt, tríd an CAI a bheith rannpháirteach san hoibríochtaí um chúnamh airgeadais, agus féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro freisin a bheith rannpháirteach ar bhonn ad hoc.

---

[1] Is éard atá i gceist le cinneadh a ghlactar le comhthoil, cinneadh arna ghlacadh d'aon toil ag na Ballstáit atá rannpháirteach sa vóta, i.e. ní chuirfear cosc ar ghlacadh an chinnidh toisc Ballstáit a bheith ag staonadh.

[2] Agus an t-aistriú á dhéanamh ón EFSF go dtí an SEC, ní rachaidh an acmhainn chomhcheangailte iasachtaithe thar an méid seo.

As seo go dtí deireadh na bileoige téarmaí seo, leagtar amach príomhghnéithe struchtúrtha an SEC:

**Cineál institiúideach**

Is le conradh idir Bhallstáit an limistéir euro a dhéanfar an SEC a bhunú mar eagraíocht idir-rialtasach faoin dlí poiblí idirnáisiúnta agus is i Lucsamburg a bheidh sé lonnaithe. Déanfar reacht an SEC a leagan amach in Iarscríbhinn a bheidh ag gabháil leis an gconradh.

**Feidhm agus straitéis um maoiniú**

Is é an fheidhm a bheidh ag an SEC maoiniú a chur ar fáil agus cúnamh airgeadais a sholáthar, faoi choinníollacht dhocht, do na Ballstáit sin sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí móra maoinithe acu nó atá i mbaol deacrachtaí móra maoinithe, d'fhonn cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine a choimirciú.

Tabharfaidh Ballstáit an limistéir euro don SEC na smachtbhannaí airgeadais a fuair siad faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus faoi na nósanna imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Is cuid den chaipiteal a íoctar isteach a bheidh sna smachtbhannaí sin.

Úsáidfidh an SEC straitéis iomchuí um maoiniú le go n-áiritheofar an rochtain ar réimse leathan d'fhoinsí maoinithe agus le go mbeidh sé in ann pacáistí um chúnamh airgeadais a chur ar fáil do na Ballstáit beag beann ar choinníollacha an mhargaidh. Aon riosca a bheidh ag gabháil leis sin, déanfar é a theorannú le bainistiú leordhóthanach ar shócmhainní agus ar dhliteanas.

**Rialachas**

Beidh Bord Gobharnóirí ag an SEC, agus is iad a bheidh ar an mBord sin Airí Airgeadais Bhallstáit an limistéir euro (mar chomhaltaí a mbeidh ceart vótála acu), agus beidh an Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadaíochta agus Uachtarán an BCE ar an mBord mar bhreithneoirí. Toghfaidh an Bord Gobharnóirí Cathaoirleach as measc na gcomhaltaí a mbeidh ceart vótála acu.

Is é an Bord Gobharnóirí a bheidh mar ardchomhlacht cinnteoireachta ag an SEC agus na mórchinntí seo a leanas, glacfaidh sé le comhthoil iad.

- cúnamh airgeadais a dheonú;
- téarmaí agus coinníollacha an chúnaimh airgeadais sin;
- acmhainn an SEC chun iasachtaí a thabhairt;
- athruithe ar chlár na n-ionstraimí.

Is trí thromlach cáilithe a dhéanfaidh an Bord Gobharnóirí gach cinneadh eile, mura sonrófar a mhalairt.

Beidh Bord Stiúrthóirí ag an SEC agus cuirfidh an Bord Stiúrthóirí cúraimí sonracha i gcrích, a tharmligfidh an Bord Gobharnóirí chuige. Déanfaidh gach Ballstát atá sa limistéar euro Stiúrthóir amháin agus Stiúrthóir malartach amháin a cheapadh. Chomh maith leis seo, déanfaidh an Coimisiún agus an BCE breithneoir amháin agus malartach amháin a cheapadh ar an mBord Stiúrthóirí. Is trí thromlach cáilithe a dhéanfaidh an Bord Stiúrthóirí na cinntí uile, mura sonrófar a mhalairt.

Beidh ualuithe na vótaí laistigh den Bhord Gobharnóirí agus den Bhord Stiúrthóirí comhréireach le suibscríobh na mBallstát faoi seach do chaipiteal an SEC. Is é 80 faoin gcéad de na vótaí an sainmhíniú a dhéantar ar thromlach cáilithe.

Ceapfaidh an Bord Gobharnóirí Stiúrthóir Bainistíochta a bheidh freagrach as bainistiú an SEC ó ló go ló. Is é an Stiúrthóir Bainistíochta a bheidh mar chathaoirleach ar an mBord Stiúrthóirí.

**Struchtúr caipitil**

Cuirfidh an SEC roimhe an rátáil chreidmheasa is airde is féidir a fháil ó na mórghníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus an rátáil sin a choimeád.

Beidh caipiteal suibscríofa iomlán de € 700 billiún ag an SEC. As an méid sin, beidh € 80 billiún i bhfoirm caipitil a íoctar isteach agus é á sholáthar ag Ballstáit an limistéir euro de réir a chéile ó mhí Iúil 2013 ar aghaidh i gcúig cinn de thráthchodanna cothroma bliantúla. Chomh maith leis sin, beidh meascán de chaipiteal inghlaoite a gealladh agus de ráthaíochtaí ó Bhallstáit an limistéir euro ag an SEC, agus luach iomlán € 620 billiún aige. I rith na céime idirthréimhsí ó 2013 go dtí 2017, geallann na Ballstáit go gcuirfidh siad dlús le soláthar ionstraimí cuí, ar eagla go mbeadh gá leo, rud nach móide, d'fhonn cóimheas íosta 15 faoin gcéad a choinneáil idir caipiteal a íoctar isteach agus na heisiúintí SEC gan íoc.

Beidh scála ranníocaíochta gach Ballstáit i gcaipiteal suibscríofa iomlán an SEC bunaithe ar scála an BCE do chaipiteal a íoctar isteach, ar scála é atá i gceangal leis seo. Agus an Conradh lena mbunaítear an SEC á dhaingniú ag na Ballstáit, beidh gealltanas dlíthiúil á thabhairt acu go soláthróidh siad a ranníocaíocht féin don chaipiteal suibscríofa iomlán.

Cinnfidh an Bord Gobharnóirí le comhthoil nuair a bheidh oiriúnú á dhéanamh acu ar mhéid an chaipitil iomláin shuibscríofa nó nuair a bheidh caipiteal á ghlaoch isteach acu, seachas sna cásanna sonracha a ndéantar cur síos orthu thíos. Ar dtús báire, féadfaidh an Bord Stiúrthóirí a chinneadh, trí thromlach simplí, leibhéal an chaipitil a íoctar isteach a athshlánú - trí chaipiteal a ghlaoch isteach - i gcás go dtiocfaidh laghdú ar mhéid an chaipitil a íoctar isteach de bharr caillteanais a bheith á n-ionsú[3]. Ina theannta sin, bunófar nós imeachta um ráthaíocht ach í a iarraidh, ar nós imeachta é lena bhféadfar caipiteal a ghlaoch isteach go huathoibríoch ó scairshealbhóirí an SEC más gá ionas nach mbeidh an íocaíocht a bheidh le déanamh le creidiúnaithe an SEC gann. Beidh dliteanas gach scairshealbhóra teoranta i ngach cúinse don scair a bheidh aige sa chaipiteal suibscríofa.

Aon ranníocaíocht leis an gcaipiteal suibscríofa a dhéanfaidh Ballstát[4] a thiocfaidh chun bheith ina chomhalta den SEC tar éis mhí Iúil 2010, is de réir na dtéarmaí céanna a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí tosaigh a dhéanfar í. Maidir leis na himpleachtaí praiticiúla a bheidh aige seo do mhéid iomlán an chaipitil shuibscríofa agus do dháileadh an chaipitil ar na Ballstáit, is é an Bord Gobharnóirí a chinnfidh iad de thoil a chéile.

---

3 Cuirfear ar fionraí, le haghaidh an chinnidh seo, vóta an Bhallstáit arb é a mhainneachtain is cúis leis an gcaillteanas atá le cumhdach.

4 Mar thoradh ar a bhallraíocht sa limistéar euro, beidh Ballstát ina bhall den SEC agus na cearta agus dualgais iomlána aige dá réir.

Fad nár gníomhachtaíodh an SEC agus fad nach lú ná 500 billiún acmhainn iarbhír an SEC chun iasachtaí a thabhairt, tabharfar ar ais do na Ballstáit na fáltais a thiocfaidh as infheistiú chaipiteal an SEC a íocadh isteach, tar éis luach na gcostas oibríochtúil a asbhaint. An chéad uair a dhéanfar an SEC a ghníomhachtú, coimeádfar laistigh den SEC na fáltais a thiocfaidh as infheistiú an chaipitil SEC agus as an ngníomhaíocht um chúnamh airgeadais. Má tharlaíonn sé, áfach, gur mó an caipiteal a íocadh isteach ná an leibhéal a theastódh chun go gcoimeádfaí acmhainn an SEC chun iasachtaí a thabhairt, féadfaidh an Bord Stiúrthóirí a chinneadh, trí thromlach simplí, díbhinn a dháileadh ar na Ballstáit atá sa limistéar euro, bunaithe ar an scála ranníocaíochta.

**Ionstraimí**

Má bhíonn sé fíor-riachtanach chun cobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine a chosaint, i gcomhréir leis an leasú ar Airteagal 136 den Chonradh, cuirfidh an SEC cúnamh airgeadais ar fáil faoi réir coinníollachta doichte faoi chlár de choigeartuithe maicreacnamaíocha, i gcomhréir le déine mhíchothromaíochtaí an Bhallstáit. Is i gcló iasachtaí a dhéanfar é a chur ar fáil. Féadfaidh sé, i gcásanna eisceachtúla agus má aontaíonn an Bord Gobharnóirí de thoil a chéile leis seo, idirghabháil a dhéanamh sna bunmhargaí fiachais ar bhonn cláir de choigeartuithe maicreacnamaíocha, lena mbainfidh coinníollacht dhocht.

- <u>Tacaíocht Cobhsaíochta an SEC (TCS)</u>

Féadfaidh an SEC tacaíocht ghearrthéarmach nó tacaíocht mheánteármach a thabhairt do Bhallstát sa limistéar euro a bhfuil an-deacrachtaí airgeadais aige. Má théann Ballstát i muinín an TCS, tuigtear go dtabharfaidh sé faoi chlár de choigeartuithe maicreacnamaíocha a bheidh i gcomhréir le méid na mbunmhíchothromaíochtaí sa Bhallstát ar tairbhí é. Beidh fad an chláir agus dáta aibíochta na n-iasachtaí ag brath ar chineál na míchothromaíochtaí agus ar an dóchúlacht go mbeidh rochtain an athuair ag an mBallstát ar tairbhí é ar na margaí airgeadais i gcaitheamh an ama sin a mbeidh acmhainní an SEC ar fáil.

- Saoráid tacaíochta ar an mbunmhargadh

Féadfaidh an SEC bannaí Ballstáit a bhfuil deacrachtaí móra maoinithe aige a cheannach ar an mbunmhargadh, agus é d'aidhm aige go mbeadh an tacaíocht a thabharfaí chomh héifeachtúil agus is féidir ó thaobh costais de. Sonrófar sa Chinneadh maidir le téarmaí agus coinníollacha an chúnaimh airgeadais na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe maidir leis an gcaoi a ndéanfaí bannaí a cheannach.

Féadfaidh an Bord Gobharnóirí athbhreithniú a dhéanamh ar na hionstraimí a mbeidh teacht ar an SEC orthu agus féadfaidh an Bord Gobharnóirí a chinneadh go gcuirfear athrú ar chlár na n-ionstraimí.

**Rannpháirt an CAI**

Nuair a bheidh cúnamh airgeadais á sholáthar ag an SEC, oibreoidh sé féin agus an CAI as láimh a chéile[5]. Iarrfar ar an CAI a bheith rannpháirteach go gníomhach, i gcónaí, ar an leibhéal teicniúil agus ar leibhéal an airgeadais. Is iad an Coimisiún Eorpach agus an CAI, le chéile, i gcomhar leis an BCE, a dhéanfaidh an anailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais. Maidir leis na coinníollacha beartais a bheidh ag gabháil le cúnamh comhpháirteach SEC/CAI, déanfaidh an Coimisiún Eorpach agus an CAI, le chéile, iad a chaibidil, i gcomhar leis an BCE.

[5] Mar sin féin, má bhíonn an CAI rannpháirteach, tuigtear go mbeidh an rannpháirtíocht ag teacht leis an sainordú atá aige faoi na hAirteagail Chomhaontaithe agus le cinntí agus le polasaithe infheidhme Bhord an CAI.

**Cúnamh airgeadais a ghníomhachtú, faireachán ar an gclár agus bearta ag teacht as an gclár**

Is ar iarratas, a dhéanfaidh Ballstát le Ballstáit eile an limistéir euro, a dhéanfar cúnamh airgeadais ón SEC a ghníomhachtú i gcónaí. Cuirfidh an Grúpa Euro in iúl don Chomhairle go ndearnadh iarratas ar thacaíocht a ghníomhachtú. Nuair a gheobhaidh an Bord Gobharnóirí iarratas den sórt sin, iarrfaidh sé ar an gCoimisiún measúnú a dheanamh, i gcomhar leis an BCE, ar an riosca atá ann do chobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine agus anailís chríochnúil a dhéanamh, i dteannta an CAI agus i gcomhar leis an BCE, ar inbhuanaitheacht fhiachas poiblí an Bhallstáit lena mbaineann. Seo a leanas na céimeanna a bheidh le tabhairt ina dhiaidh sin agus cúnamh airgeadais ón SEC á ghníomhachtú:

- Má iarrtar TCS, déanfaidh an Coimisiún, i dteannta an CAI agus i gcomhar leis an BCE, measúnú ar riachtanais airgeadais iarbhír an Bhallstáit ar tairbhí é, agus ar chineál rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, mar a éilítear, agus ba cheart an rannpháirtíocht sin a bheith i gcomhréir le cleachtais an CAI.

- Ar bhonn an mheasúnaithe seo, tabharfaidh an Bord Gobharnóirí sainordú don Choimisiún clár de choigeartuithe maicreacnamaíocha a chaibidil, i dteannta an CAI agus i gcomhar leis an BCE, leis an mBallstát lena mbaineann agus cur síos a dhéanamh air seo i Meabhrán Tuisceana (MT).

- Déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh don Chomhairle le haghaidh cinnidh lena ndéanfar an clár de choigeartuithe maicreacnamaíocha a fhormhuiniú. Déanfaidh an Bord Gobharnóirí cinneadh maidir le cúnamh airgeadais a dheonú agus maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha faoina ndéanfar cúnamh a sholáthar. Nuair a bheidh an clár glactha ag an gComhairle, síneoidh an Coimisiún an MT thar ceann Bhallstáit an limistéir euro, faoi réir comhaontú a fháil ón mBord Gobharnóirí roimh ré le comhthoil. Déanfaidh an Bord Stiúrthóirí an comhaontú um chúnamh airgeadais a fhormheas ina dhiaidh sin agus sa chomhaontú sin, sonrófar na gnéithe teicniúla a bhaineann leis an gcúnamh airgeadais a bheidh le tabhairt.

- Is é an Coimisiún, i dteannta an CAI agus i gcomhar leis an BCE a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar an gcoinníollacht beartais a cheanglaítear le clár de choigeartuithe maicreacnamaíocha. Déanfaidh sé tuarascáil don Chomhairle agus don Bhord Stiúrthóirí. Ar bhonn na tuarascála sin, cinnfidh an Bord Stiúrthóirí, le comhthoil, an chaoi a ndeánfar tráinsí nua na hiasachta a íoc amach.

- Tar éis an phlé a bheidh ag an mBord Gobharnóirí, féadfaidh an Chomhairle a chinneadh, ar thogra ón gCoimisiún, faireachas iar-chláir a chur chun feidhme, a d'fhéadfaí a choinneáil fad nach mbeidh méid shonrach den chúnamh airgeadais aisíoctha.

**Comhsheasmhacht le creat an AE um fhaireachas iltaobhach**

Iarrfar formheas ó Bhallstáit an AE chun a chur ar chumas na mBallstát sa limistéar euro na cúraimí a chur ar an gCoimisiún, in éineacht leis an SEC agus i gcomhar leis an BCE, maidir le hanailís a dhéanamh ar inbhuanaitheacht fhiachas an Bhallstáit a iarrann tacaíocht airgeadais, agus maidir leis an gclár de choigeartaithe a ghabhann leis an gcúnamh airgeadais a ullmhú, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir sin.

Cé go bhfuil neamhspleáchas ag an mBord Gobharnóirí maidir le cinneadh a dhéanamh i ndáil le cúnamh airgeadais a bheith ann faoi chreat idir-rialtasach agus i ndáil leis na rialacha mionsonraithe a ghabhann leis an gcúnamh sin, ba cheart go mbeadh an choinníollacht beartais a bhunófar faoi fhaireachas feabhsaithe nó faoi chlár de choigeartuithe maicreacnamaíocha comhsheasmhach le creat an AE um fhaireachas iltaobhach agus ní foláir urramú nósanna imeachta an AE a ráthú leis an gcoinníollacht beartais sin. Chun na críche sin, tá sé i gceist ag an gCoimisiún Rialachán a mholadh lena soiléireofar na céimeanna nós imeachta is gá faoi Airteagal 136 den Chonradh chun an choinníollacht beartais a chumhdach i gcinntí na Comhairle agus chun comhsheasmhacht le creat an AE um fhaireachas iltaobhach a áirithiú. Cuirfidh an Chomhairle agus an Coimisiún faisnéis faoi bhunadh agus faoi oibríochtaí an SEC chuig Parlaimint na hEorpa ar bhonn tráthrialta.

**Praghsáil**

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí cinneadh maidir le struchtúr na praghsála i ndáil le cúnamh airgeadais a thabhairt do Bhallstát ar tairbhí é.

Féadfaidh an SEC iasacht a thabhairt ar ráta seasta nó ar ráta athraitheach. Beidh an phraghsáil a dhéanfaidh an SEC ag teacht le prionsabail phraghsála an CAI agus, cé go mbeidh sé os cionn chostais mhaoinithe an SEC i gcónaí, beidh corrlach leordhóthanach maidir le rioscaí ar áireamh léi.

Beidh feidhm ag an struchtúr praghsála seo a leanas maidir le hiasachtaí ón SEC :

1) Costas maoinithe an SEC

2) Muirear 200 bps a chur i bhfeidhm maidir leis na hiasachtaí ar fad

3) Formhuirear 100 bps maidir le méideanna iasachta a bheidh gan íoc tar éis trí bliana

Maidir le hiasachtaí ar rátaí seasta a ngabhfaidh aibíochtaí níos faide ná trí bliana leo, is é a bheidh sa lamháil meán ualaithe den mhuirear 200 bps don chéad trí bliana agus 200 bps móide 100 bps do na blianta ina dhiaidh sin.

Déanfar struchtúr na praghsála a shainiú i mbeartas praghsála an SEC, agus déanfar é a athbhreithniú ar bhonn rialta.

**Rannpháirtíocht na hearnála príobháidí**

**<u>1. Rialacha mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht na hearnála príobháidí</u>**

Beifear ag súil le rannpháirtíocht leordhóthanach agus comhréireach na hearnála príobháidí de réir an cháis nuair a gheobhaidh an Ballstát is tairbhí cúnamh airgeadais. Déanfar cineál agus réim na rannpháirtíochta sin a chinneadh de réir an cháis agus braithfidh sé ar thoradh anailíse ar inbhuanaitheacht an fhiachais, i gcomhréir le cleachtas an CAI [6], agus ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an limistéir euro.

[6] I gcomhréir leis an CAI, meastar go mbíonn fiachas inbhuanaithe nuair atáthar ag súil leis go bhféadfaidh iasachtaí fónamh dá fhiachais i gcónaí gan choigeartú mór neamhréalaíoch a dhéanamh ar a ioncam agus ar a chaiteachas. Leis an mbreithiúnas sin cinntear an bhfuil an t-airgeadas ar fáil agus cinntear an scála maoinithe is iomchuí.

**(a) Má mheastar, ar bhonn anailíse inbhuanaitheachta, go bhfuil sé réalaíoch go bhféadfar an fiachas poiblí a thabhairt ar ais ar chosán na hinbhuanaitheachta le clár de choigeartuithe maicreacnamaíocha,** glacfaidh an Ballstát ar tairbhí é tionscnaimh a mbeidh sé i gceist leo na príomhinfheisteoirí príobháideacha a spreagadh chun a neamhchosaintí a fhágáil mar atá (e.g. cur chuige amhail "Tionscnamh Vín"). Beidh an Coimisiún, an CAI, an BCE agus an UEB páirteach go dlúth i bhfaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscnamh sin.

**(b) Má mheastar, ar bhonn anailíse inbhuanaitheachta nach bhfuil sé réalaíoch go bhféádfar an fiachas poiblí a thabhairt ar ais ar chosán na hinbhuanaitheachta le clár de choigeartuithe maicreacnamaíocha**, beidh ceanglas ar an mBallstát ar tairbhí é dul i mbun caibidlíochta gníomhaí de mheon macánta lena chuid creidiúnaithe chun a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go díreach in athshlánú inbhuanaitheacht an fhiachais. Braithfidh deonú an chúnaimh airgeadais ar phlean inchreidte a bheith ag an mBallstát agus ar thiomantas leordhóthanach a bheith á léiriú aige d'fhonn a áirithiú go mbeidh an earnáil phríobháideach páirteach go comhréireach. Faoin gclár sin, déanfar faireachán ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir leis an bplean agus cuirfear sin san áireamh nuair a dhéanfar an cinneadh maidir le híocaíochtaí amach.

Agus é i gcaibidlíocht le creidiúnaithe, cloífidh an Ballstát leis na prionsabail seo a leanas:

- *Comhréireacht:* iarrfaidh an Ballstát réitigh i gcomhréir leis an bhfadhb atá aige maidir le hinbhuanaitheacht an fhiachais.

- *Trédhearcacht*: rachaidh an Ballstát lena mbaineann i mbun idirphlé oscailte le creidiúnaithe agus roinnfidh sé an fhaisnéis ábhartha leo go tráthúil.

- *Cothroime:* rachaidh an Ballstát i gcomhairle le creidiúnaithe maidir le dearadh aon athsceidealú nó aon athstruchtúrú a dhéanfar ar an bhfiachas poiblí ionas go mbainfear réitigh amach trí chaibdlíocht. Ní bhreathnófar ar bhearta lena laghdófar luach glan láithreach an fhiachais ach i gcás nach dócha go bhféadfar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach trí roghanna eile

- *Comhordú trasteorann:* tabharfar aird chuí ar an riosca aicídithe agus ar na héifeachtaí iarmharta a d'fhéadfadh a bheith ar Bhallstáit agus ar thriú tíortha i ndearadh na mbeart chun go mbeidh an earnáil phríobháideach rannpháirteach iontu. Beidh teagmháil chuí ag an mBallstát lena mbaineann in éineacht leis na bearta a dhíreofar ar chobhsaíocht airgeadais an limistéir euro ina iomláine.

## 2. Clasáil um Chomhgníomhaíocht

Áireofar Clásail Chomhghníomhaíochta (CCGanna) i ngach urrús nua rialtais an limistéir euro, a ngabhfaidh aibíochtaí níos faide ná bliain amháin leo, ó mhí Iúil 2013. Beidh sé mar chuspóir na CCGanna sin comhaontú idir an ceannasaí agus a chreidiúnaithe san earnáil phríobháideach i gcomhthéacs na rannpháirtíochta ag an earnáil phríobháideach. Ní leanfaidh baol níos airde mainneachtain ná athstruchtúrúchán fiachais ó áireamh CCGanna sa bhanna sin. Dá réir sin, ní bheidh éifeacht ag áireamh CCGanna ar an stádas creidiúnaí a bheidh ag fiachais ceannasacha.

Beidh príomhghnéithe na CCGanna ag teacht leo siúd a úsáidtear go coitianta i margaí SAM agus na Ríochta Aontaithe ó foilsíodh tuarascáil an G10 maidir le CCGanna. Tabharfar CCGanna isteach ar bhealach a fhágfaidh gurb iad na deiseanna céanna a bheidh ag Ballstáit uile an limistéir euro. Is é an toradh ar an méid sin **clásail chaighdeánaithe chomhionanna a úsáid** do Bhallstáit uile an limistéir euro, ar clásal iad a dhéanfar a chomhchuibhiú i dtéarmaí agus i gcoinníollacha na n-urrús a eisíonn na Ballstáit. Beidh an bonn a bheidh leo **ag teacht leis na CCGanna atá coitianta i ndlí Nua Eabhrac agus i ndlí Shasana**.

Cuirfear **clásal comhshuimithe** san áireamh i CCGanna, lena bhféadfaí olltromlach sealbóirí bannaí thar an iliomad eisiúintí bannaí, atá faoi réir an chlásail sin agus faoi réir an dlí i ndlínse aonair, clásal gnímh tromlaigh a chur isteach i gcás nach mbainfí amach an tromlach creidiúnaithe le haghaidh an athstruchtúrúcháin laistigh d'eisiúint aonair bannaí. Cuirfear **ionadíocht chuí** ar bun. Cinnfear na ceisteanna is tábhachtaí – ceisteanna cúlchistí – (e.g. eochairthéarmaí íocaíochta, tiontú nó malartú bannaí) le tromlach níos mó ná mar a theastóidh do cheisteanna nach mbaineann le cúlchistí. Beidh feidhm ag riachtanais chuí **córaim**. Beidh athruithe a aontaíonn na tromlaigh ábhartha orthu ina gceangal ar gach sealbhóir bannaí.

Beidh feidhm ag clásal cuí maidir le **ceart vótála a bhaint** chun próiséas rianúil votála a áirithiú. Breathnófar ar chlásail chuí chun caingean suaiteach dlí a chosc.

Tabharfar CCGanna isteach ar bhealach caighdeánaithe lena n-áiritheofar gurb ionann an tionchar dlíthiúil a bheidh acu i ndlínsí uile an limistéir euro agus ar an gcaoi sin gurb iad na deiseanna céanna a chothófar i mBallstáit uile an limistéir euro. Glacfaidh Ballstáit an limistéir euro na bearta is gá chun éifeacht a thabhairt do na CCGanna.

Ceadófar do Bhallstáit an limistéir euro leanúint ar aghaidh ag tarraingt ar fhiachas gan íoc gan CCGanna faoi choinníollacha réamhchinnte i ndiaidh mhí an Mheithimh 2013 chun leachtacht chuí na seanbhannaí a chaomhnú agus chun am trátha a thabhairt do Bhallstáit an limistéir euro chun bannaí nua a chruthú ar na haibíochtaí tagarmhairc uile, ar bhealach rianúil. Cinnfear na socruithe mionsonraithe dlíthiúla chun CCGanna a chur san áireamh in urrúis rialtais an limistéir euro ar bhonn na hoibre a dhéanfaidh Fochoiste an CEA um Margaí Fiachais Cheannasaigh an AE, tar éis dul i mbun na gcomhairliúchán iomchuí leis na rannpháirtithe margaidh agus le geallsealbhóirí eile, agus tabharfar na socruithe chun críche faoi dheireadh 2011.

**<u>3. Stádas an SEC mar Chreidiúnaí Tosaíochta</u>**

Amhail an CAI, cuirfidh an SEC cúnamh airgeadais ar fáil do Bhallstát nuair a bheidh an ghnáthrochtain rialta atá aise ar mhaoiniú an mhargaidh lagaithe. Mar léiriú ar an méid sin, tá sé ráite ag na Ceannairí Stáit nó Rialtais go mbeidh stádas mar chreidiúnaí tosaíochta ag an SEC mar atá ag an CAI, ach glacann siad go bhfuil stádas mar chreidiúnaí tosaíochta ag an CAI de rogha ar an SEC.

Beidh éifeacht leis an méid sin ón 1 Iúil 2013 gan dochar do théarmaí ná do choinníollacha aon chomhaontaithe eile dá bhforáiltear faoin EFSF agus faoin tsaoráid don Ghréig.

**Socruithe Idirthréimhseacha idir an EFSF agus an SEC**

Faoi mar a leagadh amach i dtosach, beidh feidhm ag an EFSF tar éis mhí an Mheithimh 2013 chun na bannaí gan íoc a riar. Beidh sé oibríochtúil go dtí go bhfaighidh sé íocaíocht iomlán an mhaoinithe a dheonófar do na Ballstáit agus go dtí go n-aisíocfar a dhliteanais faoi na hionstraimí airgeadais a eiseofar agus go dtí go gcomhlíonfar aon oibleagáid ráthóirí a chúiteamh. Ba cheart riarchodanna na n-áiseanna iasachta nár íocadh amach agus atá neamh-mhaoinithe atá ann cheana a aistriú chuig an SEC (e.g. tráthchodanna a íoc agus a mhaoiniú nach mbeadh dlite go dtí go dtiocfadh an SEC i bhfeidhm). Ní bheidh iasachtaí comhdhlúite SECA agus ón MEC níos airde ná €500 bn.

Chun go bhféadfar aistriú go réidh ón EFSF go dtí an SEC, beidh ullmhúchán praiticiúil agus bunú an SEC de chúram ar phríomhfheidhmeannach an EFSF. Cuirfidh sé tuarascáil thráthrialta ar an dul chun cinn a bheidh déanta go dtí Meitheal an Ghrúpa Euro.

**Rannpháirtíocht na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro**

Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro a bheith rannpháirteach ar bhonn *ad hoc* i dteannta an SEC in oibríochtaí cúnaimh airgeadais do Bhallstáit sa limistéar euro. Má bhíonn Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro rannpháirteach in oibríochtaí den chineál sin, déanfar ionadaíocht orthu sna cruinnithe ábhartha a bheidh ag na boird sin den SEC a chinnfidh an cúnamh a dheonú agus faireachán a dhéanamh air. Beidh rochtain acu ar an bhfaisnéis ábhartha uile ar mhodh tráthrialta agus rachfar i gcomhairle leo mar is iomchuí. Tacóidh Ballstáit an limistéir euro le stádas coibhéiseach mar chreidiúnaí a bheith ag an SEC agus ag na Ballstáit eile a thabharfaidh iasachtaí go déthaobhach i dteannta an SEC.

**Díospóidí a réiteach**

Má tharlaíonn díospóid idir Ballstát sa limistéar euro agus an SEC i dtaobh léiriú nó chur i bhfeidhm an chonartha lena mbunaítear an SEC, déanfaidh an Bord Gobharnóirí cinneadh i leith na díospóide sin. Má dhéanann Ballstát an cinneadh sina chomhrac, cuirfear an díospóid faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirt. 273 CFAE.

I dtaca leis an gcaidreamh idir an SEC agus tríú páirtithe, déileálfar tríd an doiciméadú dlíthiúil agus conarthach leis an dlí rialaitheach is infheidhme agus an dlínse is infheidhme a bhunófar ansin idir an SEC agus na tríú páirtithe sin.

**Iarscríbhinn**: Tá rannchuidiú an SEC bunaithe ar scála an BCE

| Tír | ISO | Eochair SEC |
|---|---|---|
| An Ostair | **AT** | 2.783 |
| An Bheilg | **BE** | 3.477 |
| An Chipir | **CY** | 0.196 |
| an Eastóin | **EE** | 0.186 |
| An Fhionlainn | **FI** | 1.797 |
| An Fhrainc | **FR** | 20.386 |
| An Ghearmáin | **DE** | 27.146 |
| An Ghréig | **EL** | 2.817 |
| Éire | **IE** | 1.592 |
| An Iodáil | **IT** | 17.914 |
| Lucsamburg | **LU** | 0.250 |
| Málta | **MT** | 0.073 |
| An Ísiltír | **NL** | 5.717 |
| An Phortaingéil | **PT** | 2.509 |
| An tSlóvaic | **SK** | 0.824 |
| An tSlóivéin | **SI** | 0.428 |
| An Spáinn | **ES** | 11.904 |
| **Iomlán** | **EA17** | **100.0** |

**Nótaí:** Tá scála an SEC bunaithe ar scála ranníocaíochta caipitil an BCE.

Tairbheoidh Ballstáit ag a bhfuil OTI in aghaidh an duine níos lú ná 75 % den mheán AE de cheartú sealadach ar feadh tréimhse 12 bhliain tar éis a n-iontrála sa limistéar euro.

Beidh an ceartú sealadach sin cothrom le trí cheathrú den difríocht idir OIN agus scaireanna caipitil ón BCE (arb é a bheidh ann go héifeachtach 75% den scair OIN agus 25 % den scair chaipitil BCE) mar a leanas: *Scair SEC = scairscála ECB - 0,75*( scairscála ECB - scair OIN)*

Athdháiltear an cúiteamh anuas sna tíortha sin i measc na díortha eile uile i gcomhréir lena scairscála BCE.

OIN agus OTI in aghaidh an duine in 2010.

**Foinsí:** Ríomhanna BCE, Ameco agus DG ECFIN.